



An Bhruiséal, 17 Meitheamh 2022
(OR. en)

10396/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0224(NLE)

SCH-EVAL 83
DATAPROTECT 197
COMIX 324

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 17 Meitheamh 2022

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 7788/22
roimhe seo:

Ábhar: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar **an Ostair** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na **cosanta sonraí**

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar an Ostair maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Meitheamh 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

MOLADH

maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar an Ostair maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buainchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen¹, agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I mí na Samhna 2020, rinneadh meastóireacht Schengen ar an Ostair i réimse na cosanta sonraí. Tar éis na meastóireachta sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)9200 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil lena gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaitníodh le linn na meastóireachta.

¹ IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

- (2) Áirítear mar dhea-chleachtas, go háirithe: ó rinneadh an mheastóireacht dheireanach, treisíodh, agus treiseofar a thuilleadh, foireann údarás cosanta sonraí na hOstaire, agus méadaíodh an buiséad; leis na comhaontuithe idir an rialaitheoir agus an próiseálaí i ndáil le sonraí VIS, déantar foráil d'ardleibhéal cosanta sonraí agus áirithítear leo go mbeidh coimircí ábhartha cosanta sonraí i bhfeidhm i leith gach páirtí dá mbeidh páirteach i bpróiseáil sonraí VIS; oiliúint na foirne ar chúrsaí cosanta sonraí a bhaineann le VIS ag an Aireacht Gnóthaí Baile agus an Aireacht Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta; cur chuige ilchéimneach na hAireachta Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta i ndáil leis an bpróiseas víosaí a iniúchadh; tá an fhaisnéis arna soláthar ag an údarás cosanta sonraí maidir le CFS II agus VIS an-mhionsonraithe agus so-inrochtana; na fillteáin faisnéise in CFS agus VIS ar shuíomh gréasáin na hAireachta Gnóthaí Baile, agus go dtugann an Aireacht Gnóthaí Baile freagra ar iarrataí rochtana maidir le CFS II nó VIS laistigh de thréimhse ghearr ama.
- (3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le déanamh ag an Ostair chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen maidir le cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 6, 7 agus 13 mar a leagtar amach sa Chinneadh seo.
- (4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 3 mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart don Ostair, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú lena liostaítear na moltaí uile lena leigheastar aon easnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

Á MHOLADH:

gur cheart don Ostair:

Reachtaíocht

1. Airteagal 79 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)¹ a chur chun feidhme, agus Airteagal 54 de Threoir (AE) 2016/680² a thrasuí i ndlí náisiúnta na hOstaire chun foráil a dhéanamh do cheart chun leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil i gcoinne cinneadh rialaitheora nó próiseálaí ar údarás poiblí é;

An tÚdarás Cosanta Sonraí

2. na cúiseanna le Ceann agus Leas-Cheann údarás cosanta sonraí na hOstaire a bhriseadh as a bpost a leagan síos sa dlí, chun an baol a bhainfeadh le foirceannadh luath a dtéarmaí oifige a sheachaint seachas i gcás mí-iompar tromchúiseach nó mura gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh;
3. a áirithiú go mbeidh ag an saineolaí teicneolaíochta faisnéise (TF) arna earcú as an nua ag an údarás cosanta sonraí agus ag aon saineolaí breise TF, nó go bhfaighidh an duine nó na daoine sin, tuiscint chuimsitheach ar Chóras Faisnéise Schengen II (CFS II) agus ar an gCóras Faisnéise Víosáí (VIS), agus ar bhainistiú slándála faisnéise, ionas go mbeidh na saineolaithe sin in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí maoirseachta CFS agus VIS freisin. Ina theannta sin, ba cheart don údarás cosanta sonraí leanúint de rannpháirt a thabhairt do shaineolaithe seachtracha TF sna cigireachtaí go dtí go mbeidh an t-údarás in ann na cúraimí cigireachta uile a bhaineann le TF a chumhdach lena fhoireann féin;

¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) – IO L 119/1 an 4.5.2016.

² Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarás inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119/89 an 4.5.2016.

4. a áirithiú go dtabharfaidh an t-údarás cosanta sonraí cuairteanna cigireachta ar Bhiúró SIRENE, go ndéanfaidh sé cigireacht ar roinnt údarás úsáideoirí deiridh de chuid an chórais, amhail na póilíní, agus go ndéanfaidh sé seiceálacha agus anailís rialta ar na comhaid loga, chun na cúraimí atá air maidir le faireachán cuimsitheach a dhéanamh ar phróiseáil shonraí pearsanta CFS II a chomhlíonadh;
5. a áirithiú go gcumhdófar le gníomhaíochtaí maoirseachta an údaráis cosanta sonraí i ndáil le VIS na gnéithe slándála uile freisin, lena n-áirítear logaí, trí rialuithe rialta a dhéanamh ar bhonn anailís ar chomhaid loga agus go ndéanfaidh an t-údarás cosanta sonraí cigireacht chuimsitheach ar na seomraí freastalaithe agus go ndéanfaidh sé cigireacht freisin ar roinnt úsáideoirí deiridh eile de chuid chóras VIS, amhail na póilíní;
6. a áirithiú go dtabharfaidh an t-údarás cosanta sonraí an dara hiniúchadh ar N.VIS chun críche a luaithe a bheidh sé sin indéanta le staid COVID19;
7. a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás cosanta sonraí iniúchadh ar na hoibríochtaí próiseála sonraí in N.VIS uair gach 4 bliana ar a laghad;

Córas Faisnéise Schengen

8. a áirithiú go n-úsáidfidh na feistí uile lena gceadaítear rochtain ar shonraí CFS II fíorú dhá fhachtóir;
9. a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú níos minice ar dhoiciméid uile na gcóras bainistithe slándála faisnéise atá i bhfeidhm don dá ionad sonraí agus go bhfuil na caighdeáin a úsáidtear fós úrscothach;
10. a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú ar an bplean slándála do CFS II ar bhonn rialta agus go dtabharfar cothrom le dáta é más gá agus go socrófar bearta slándála chun stóinseacht mharthanach a áirithiú chomh maith le rúndacht, sláine agus inrochtaineacht, go háirithe trína áirithiú go gcuirfidh an rialaitheoir an fhorbairt theicniúil san áireamh chun a áirithiú go leanfaidh na bearta slándála a glacadh de na haidhmeanna sin a chomhlíonadh;

11. a shoiléiriú an dlúthchuid den Aireacht Gnóthaí Baile nó an próiseálaí sonraí seachtracha é an tÚdarás Imreítigh Lárnach;
12. a áirithiú, i gcás cásanna ina bhfuil aitheantais mhí-úsáidte á láimhseáil, go ndéanfar feabhsuithe maidir leis an bhfaisnéis a thugtar don ábhar sonraí agus maidir leis na foirmeacha toilithe a úsáidtear agus go n-áireofar ar na foirmeacha a thugtar don ábhar sonraí faisnéis faoi chearta na n-ábhar sonraí, sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí, an bunús dlí leis an bpróiseáil agus faisnéis faoin tréimhse a stórálfar na sonraí pearsanta lena linn;

An Córas Faisnéise Víosáí

13. a áirithiú go gcoimeádfar logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile in VIS ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (CE) 767/2008 (Rialachán VIS) (ar feadh tréimhse bliana tar éis na tréimhse coinneála dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán VIS);

Feasacht phoiblí agus Cearta na nÁbhar Sonraí

14. a áirithiú go soláthróidh an Aireacht Gnóthaí Baile leaganacha teanga (ní hamháin i nGearmáinis ach i dteangacha eile freisin e.g. i mBéarla) dá shuíomh gréasáin maidir le próiseáil sonraí CFS II agus VIS agus cearta gaolmhara na n-ábhar sonraí agus go mbeidh rochtain níos éasca ar an bhfaisnéis ar a suíomh gréasáin maidir le cearta na n-ábhar sonraí i ndáil le sonraí CFS II agus VIS;
15. a áirithiú go gcuirfidh an Aireacht Gnóthaí Baile foirmeacha ar fáil ar a suíomh gréasáin chun cearta rochtana, ceartaithe agus scriosta a fheidhmiú, i nGearmáinis agus i dteangacha eile e.g. i mBéarla;
16. leaganacha páipéir de bhróisiúir faisnéise CFS a chur ar fáil agus iad a bheith inrochtana ó na húdaráis phoiblí;

17. a áirithiú, chun feabhas a chur ar chearta na n-ábhar sonraí, go gcuirfidh an Aireacht Gnóthaí Baile aistriúchán neamhoifigiúil ar fáil, e.g. i mBéarla, de na freagraí a tugadh ar na hábhair sonraí;
18. a áirithiú go gcuirfidh suíomhanna gréasáin Stiúrthóireachtaí Póilíneachta Cúigeacha faisnéis ar fáil maidir le CFS II agus VIS lena n-áirítear maidir le próiseáil sonraí pearsanta gaolmhara agus go mbeidh naisc ar na suíomhanna sin chuig suíomh gréasáin an údaráis cosanta sonraí;
19. a áirithiú go gcuirfear faisnéis maidir le próiseáil sonraí pearsanta in VIS ar fáil ar bhealach so-inrochtana ar shuíomhanna gréasáin na hAireachta Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta, na gconsalachtaí agus na n-ambasáidí agus go mbeidh naisc chuig suíomh gréasáin an údaráis cosanta sonraí ar na suíomhanna gréasáin sin;
20. a áirithiú go gcuirfidh an t-údarás cosanta sonraí an fhaisnéis chéanna ar fáil (i nGearmáinis agus i mBéarla), ar a shuíomh gréasáin agus sna foirmeacha iarratais ar rochtain d'ábhair sonraí, maidir leis an oibleagáid atá ar an ábhar sonraí a (h)aitheantas a chruthú;
21. a áirithiú go gcuirfidh an t-údarás cosanta sonraí foirmeacha caighdeánacha sonracha le haghaidh iarrataí ar cheartú agus ar léirsciosadh i ndáil le sonraí SIS agus VIS ar fáil ar a shuíomh gréasáin (i nGearmáinis agus i mBéarla);
22. a áirithiú go gcuirfidh an t-údarás cosanta sonraí faisnéis ar fáil maidir leis an teorainn ama chun gearán a thaisceadh, mar a shonraítear in Airteagal 24(4) den Acht um Chosaint Sonraí, ar an leagan Béarla dá shuíomh gréasáin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán